Rewarding Learning

**ADVANCED**

**General Certificate of Education**

**2016**

Centre Number

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Candidate Number

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

# Irish

Assessment Unit A2 2
(Sections B and C)
*assessing*
Reading and Extended Writing

AI222

## [AI222]

## FRIDAY 27 MAY, AFTERNOON

### TIME

2 hours 20 minutes.

Candidates are advised to spend 1 hour 20 minutes on Section B and 1 hour on Section C.

### INSTRUCTIONS TO CANDIDATES

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
Section B: answer **all** questions.
Section C: answer **one** question only in Irish.

### INFORMATION FOR CANDIDATES

The total mark for this paper is 100:
50 marks for Section B and 50 marks for Section C.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
You are provided with an Insert for use with Questions **2** and **3** of Section B in this paper.
The use of a dictionary is **not** permitted.

**Additional Materials Required:**
None.

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| **Question Number** | **Marks** |
| B1 | |
| B2 | |
| B3 | |
| B4 | |
| C1/2/3 | |
| **Total Marks** | |

## Section B: Reading

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**1 Léigh an sliocht seo a leanas faoi éadaí athláimhe agus líon isteach gach bearna leis an fhocal/leis an fhrása is fóirsteanaí ón bhosca thíos. Níl cead focal/frása ar bith a úsáid níos mó ná uair amháin.**

### Éadaí athláimhe

Nuair a bhíonn seanéadaí le caitheamh amach agat, cad é an rud is fearr a dhéanamh? Iad a chur i mála agus iad a thabhairt do **(a)** _________________ , ar ndóigh. Ní mar a shíltear **(b)** _________________ , áfach.

Síleann muid go dtéann an t-airgead chuig na daoine is mó a bhfuil cuidiú de dhíth orthu agus, cuid den am, is amhlaidh a bhíonn an scéal. Ar an lámh eile, in amanna, téann an t-airgead a dhéantar as **(c)** _________________ na n-éadaí chuig lucht gnó a shaothraíonn na mílte punt dá bharr.

Rinneadh cúpla clár teilifíse ar na mallaibh a thug léargas ar chúrsaí éadaí athláimhe agus a chuir iontas agus samhnas ar chuid mhór daoine. Ba léir ón **(d)** _________________ a rinneadh ar na cláir go raibh cuid mhór **(e)** _________________ ag baint le cuid de na gnólachtaí neamhoifigiúla a théann thart go rialta agus a chuireann málaí dubha isteach ar an doras. Tugadh le **(f)** _________________ fosta nach dtéann an t-airgead uilig ó dhíol na n-éadaí chuig daoine bochta sa Tríú Domhan. In amanna, **(g)** _________________ na héadaí le díoltóirí eile agus ní fhaigheann lucht carthanachta ná na daoine bochta cuid ar bith den **(h)** _________________ .

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

Sula dtugann tú do sheanéadaí d'eagraíocht ar bith, ní

**(i)** __________________ rud beag taighde a dhéanamh ar an eagraíocht

agus tú féin a chur ar do shuaimhneas nach lucht calaoise a bheas

ag baint **(j)** __________________ as na geansaithe agus as na cótaí

seanchaite sin atá ina luí ag bun do chófra.

*Source: Examiner*

| | | |
|---|---|---|
| **iniúchadh** | **fios** | **fóill** |
| **charthanas** | **sciorta** | **taisteal** |
| **a bhítear** | **míchleachtais** | **sochar** |
| **díol** | **bhrabús** | **toite** |
| **díoltar** | **geilleagar** | **dochar** |

**Marks for AO2 [10]**

**2 Léigh an t-alt *Ciníochas in Éirinn*. (See Insert.)**

**Cuir críoch le gach abairt (a) go (j) le frása ón liosta (i) go (xi) thíos. Cuir an uimhir cheart sa bhosca i ngach cás. Ní bheidh gach abairt de dhíth ort.**

| Tús na habairte | Críoch na habairte |
|---|---|
| **(a)** Síleann cuid mhór daoine go gcuireann na hinimircigh | |
| **(b)** Tá daoine ina gcónaí inár measc | |
| **(c)** Cé go bhfuil cuid mhór le hofráil ag na daoine as tíortha eile | |
| **(d)** Níor thosaigh na fadhbanna leis an chiníochas | |
| **(e)** Cé gur ionann muid féin agus an lucht siúil ó thaobh stíl | |
| **(f)** Foilsíodh tuairisc ar na mallaibh a thug léargas | |
| **(g)** Tugtar maslaí don lucht siúil | |
| **(h)** Is saol ilchultúrtha é saol | |
| **(i)** Nuair a chuirtear imeachtaí ar siúl ar scoil, ba chóir | |
| **(j)** Níor chóir go | |

**(i)** … ciníochas go forleathan.

**(ii)** … iad a bheith oscailte do gach duine.

**(iii)** … mhaireachtála de, ní chuirtear fáilte rompu sa tír seo.

**(iv)** … gach uile lá.

**(v)** … le sochaí na hÉireann.

**(vi)** … raibh duine ar bith ag mothú imeallaithe agus é ag a chuid oibre.

**(vii)** … ar an dóigh a gcaitear le páistí de chuid an lucht siúil.

**(viii)** … na scoile.

**(ix)** … síleann cuid mhór de mhuintir na hÉireann go bhfuil an rialtas ag cur airgead amú orthu.

**(x)** … nach bhfáiltíonn roimh dhaoine as tíortha eile.

**(xi)** … le teacht na n-inimirceach.

**Marks for AO2 [10]**

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

3 **Léigh an t-alt *Ciníochas in Éirinn.* (See Insert.)**
**Freagair as Gaeilge na ceisteanna thíos.**

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(a)** Cad chuige ar thosaigh inimircigh a theacht chun na tíre seo, de réir an ailt?

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(b)** Luaigh **dhá** bhealach a léirítear ciníochas i leith daoine as tíortha eile.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(c)** Luaigh **dhá** dhóigh a gcuidíonn na hinimircigh le sochaí na tíre.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(d)** Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le saol an lucht siúil.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(e)** Mínigh **dhá** ról atá ag tuismitheoirí le ciníochas a dhíbirt.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**Marks for AO2 [10]**

**4 Aistrigh go Gaeilge**

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

Ireland is famous for being a wet country. In many places here it rains for one hundred and fifty days in the year.

In the hills and mountains, that figure increases to two hundred and twenty five.

We have lakes, streams and rivers and you would think that there would never be a water shortage at any time.

When dry weather lasts for six weeks, however, it is very hard to preserve the water.

As well as that, millions of gallons of water are lost as a result of the pipes being too old.

I suppose that is why Irish people will have to pay for their water.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**Marks for AO3 [20]**

## Section C: Extended Writing

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**Freagair i nGaeilge ceann amháin de na ceisteanna a leanas. Scríobh 300–350 focal.**

**1 Drámaíocht**

**(a)** "Tá ról iontach tábhachtach le himirt ag Síle sa dráma, ***Breithiúnas,*** le Máiréad Ní Ghráda."

Scríobh aiste a léireoidh do thuairim ar an ráiteas thuas.

**nó**

**(b)** Cad é an tuiscint atá agat ar laochas i ndiaidh duit an dráma, ***Breithiúnas***, le Máiréad Ní Ghráda a léamh?

**2 An Chéad Chnuasach**

**(a)** Scríobh aiste a mhíneoidh an tuiscint atá agat ar na téamaí is tábhachtaí sa scéal, ***Aoife***, le Peigí Rose.

**nó**

**(b)** Scríobh aiste a mhíneoidh an dóigh a mbaineann Peigí Rose úsáid as an dátheangachas le greann a chothú ina chuid scéalta.

I do fhreagra, déan tagairt do **dhá** scéal ar a laghad.

**BLANK PAGE**

**(Questions continue overleaf)**

**3 Filíocht**

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(a)** Scríobh aiste a léireoidh an tuiscint atá agat (ón fhilíocht a bhfuil staidéar déanta agat uirthi) ar sheansaol na ndaoine in Éirinn fadó.

I do fhreagra, déan tagairt do **dhá** dhán ar a laghad.

**nó**

**(b)** Scríobh anailís liteartha ar an dán ***One for Sorrow*** le Gréagóir Ó Dúill.

Déan cinnte go bpléifidh tú na nithe seo a leanas i do fhreagra:
- Príomhthéamaí an dáin
- An dóigh a léiríonn an file a mhothúcháin ann.

**One for Sorrow**
*in memoriam Máire Doyle*

Lasadh aghaidh mo mháthar, aoibh uirthi – an gáire, an chaint ard sholasta
Nár mhinic aici, b'in a bhíodh aici
Agus m'aint ar cuairt aneas, ina hearrach faoi bhláth.
Chuirtí ó dhoras mé, tráth na rún
Á malartú ina dtoitíní cogarnaíle brioscaí le sásair fágtha,
An dá cheann crom i dtreo a chéile agus gan slí ann dom.
Shuínn ina hucht, ucht gan boladh bainne,
Is b'ionann dath ár ngruaige. Barr a méire
Le barr mo shróine, gháireadh sí faoi fhiaradh mo shúl
Go gcuireadh mo mháthair stop leis sin mar amaidí.
Theannadh a géaga, cuan mo chodlata de ghéaga, thart orm
Agus chimlínn, de bharr méire,
Fionnadh fineáilte chraiceann bhreicneach a sciathán faoin ghréin.
Ba sheolta a sciortaí geala agus ise ina crann,
Ina crann ceoil, fómhar duilleoga ag imeacht ina stoirm nótaí,
Mo chealgadh de shiosarnach duilliúir,
De ghaoth chumhra análach i mo ghruaig,
Nó mise ar a glúin, a dhá sciathán thart orm, a méara ag dúiseacht an phianó,
Ag cur an gheal ina dhubh, an dubh ina gheal, mo mháthair ag ceol léi
Agus leanbh ar a gualainn, ceirt ina láimh, naprún faoina coim ard
Gáire ar a béal.
Uilig ag imeacht.
Rinne snag breac suirbhéireacht fhuar, shocraigh,
Thóg cipí marbha, bhris cipí beo, agus d'fheistigh
Meall éadrom dubh in airde ar an bheith.
Dhúbail siad, a nglórtha ina gcallán meaige,
Chuir an crann ó nádúir,
Ceo bog na nduilleog ag ceilt an phoill a d'fhás.
Ní hé an cuí is rogha, i gcónaí, ná ní gá gur bocht
An aimhréidhe. Ach d'imir ál na snag a gcluichí garbha fud an bhaill,

Dubh ina gheal, geal ina dhubh, stríoca den chorcra eaglasta.
Theith mionéin, chúlaigh cat, rinneadh ár ar fheithidí
Agus ba shnagach síoraí siollaí an Morse, gan teanga cheangail,
Barraíocht de na nótaí briste, casúir bheaga veilvit imithe ó mhaith;
Níl códleabhar agam do chomharthaí láimhe na ciúinphráinne.

Liostaí le ballaí, rialacha na cistine i ndearmad,
Ba í an tolg a nead, ba bheag a chorraigh sí, ná níor leor a d'ith,
A súile ba uibheacha smólaigh, anois ina ngliogair.
D'aipigh an duilliúr, cheil an duibhe sin a neadaigh,
An dubh taobh thiar den gheal.
D'fhág dul faoi a haigne rian den óige shimplí sin
Ba chuimhin liom ó ba mise a bhí naíonda.
Tá dubh, dorcha, tá agus cuireann glórtha thíos staighre le cumha na hoíche.
Luasc an crann agus bhris an géag agus leagadh cliabh an naíonáin.
Ach a Mháire, a chuid, is briathartha dod ainm go fóill
I ngramadach na gcluichí focal sin a d'imrímis
Is níor tháinig críoch go fóill ar bheith, ná freagra ar thomhas:
Tú a tháinig isteach ar ghuaillí daoine
Is a chuaigh amach chomh mín le síoda.
Líonann fonn mall mo chuimhne, fuálaim na línte –
Bíodh braonta fola ar an snáth, mo ghreamanna mírialta
Cuirim an dubh ina gheal, an geal ina dhubh,
Ceanglaím na duillí ina leabhar,
Déanaim comhaireamh ar na fáinní,
Aithním ar a bhféile na blianta méithe,
Luascadh crainn agus suantraí íseal.

*© 'One for Sorrow' by Gréagoir Ó Dúill. Published by Cois Life in 2001.
ISBN: 1-901176-26-6. Reproduced by kind permission of the author.*

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

| Examiner Only | |
| --- | --- |
| Marks | Remark |
| | |

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**Marks for AO2 [40]**

**Marks for AO3 [10]**

**Total marks [50]**

**THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER**

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

**For use with Questions 2 and 3 of Section B**

**Léigh an t-alt seo a leanas agus freagair na ceisteanna.**

## Ciníochas in Éirinn

Tá athrú mór tagtha ar shochaí na hÉireann le fiche bliain anuas. Cionn is go raibh ag éirí chomh maith sin leis an tír bheag seo ó thaobh geilleagair de, bhí leibhéal ard inimirce againn nach bhfacthas roimhe sin. Tá an tuairim ag a lán daoine go gcuidíonn na hinimircigh le sochaí na hÉireann ach, ar an drochuair, tá daoine eile ann nach gcuireann fáilte rompu.

Anois agus an tsochaí ilchultúrtha againn, tá ardú tagtha ar leibhéal an fhoréigin a bhaineann le ciníochas. Dóitear tithe, bristear fuinneoga, scriostar carranna agus scríobhtar maslaí ar na ballaí lena chur in iúl do na daoine as tíortha eile nach bhfuil cuid de mhuintir na hÉireann sásta leis an tsochaí úr atá againn.

Tá lucht an chiníochais den tuairim go bhfuil Rialtas na hÉireann ag cur na milliún euro amú ar inimircigh nach dtugann a dhath don tsochaí agus a bhíonn ag iarraidh gach rud a fháil saor in aisce. Déanann siad dearmad go bhfuil scileanna ag cuid mhór de na daoine seo a chuireann le sochaí na hÉireann agus go mbíonn siad sásta na poist chrua a dhéanamh nach mbíonn muintir na hÉireann sásta a dhéanamh.

Ná déanaimis dearmad go raibh ciníochas go forleathan sa tír seo sular thosaigh na hinimircigh a theacht ina mílte ó thíortha eile. Riamh anall, ba é an lucht siúil a d'fhulaing agus a bhí imeallaithe ag cuid de mhuintir na hÉireann. Cé go raibh na nósanna céanna agus an teanga chéanna ag an lucht siúil agus a bhí ag muintir na hÉireann, níor glacadh go hiomlán leo sa tír seo. Tuairiscíodh le déanaí, mar shampla, go gcuireann breis agus cúig chéad páiste scairt ar *Childline* gach bliain á rá go ndearnadh ionsaí ciníoch orthu – ionsaí ó bhéal nó ionsaí fisiceach – agus is páistí de chuid an lucht siúil iad den chuid is mó.

Tá an lucht siúil ar an ghrúpa is mó a bhfuil cuidiú agus tuiscint de dhíth orthu. Ní bhíonn an caighdeán céanna maireachtála acu agus a bhíonn againn féin ná an fad saoil acu ach oiread. Go fóill, maslaítear iad ar bhonn laethúil agus ní chuirtear fáilte roimh na páistí sna scoileanna.

Cad é a thig linn a dhéanamh leis an dearcadh ciníoch a athrú? Tig le tuismitheoirí a gcuid páistí a thógáil le glacadh leis an éagsúlacht agus le meas a bheith acu ar dhaoine eile. Sa scoil, tig le múinteoirí polasaithe a chur i bhfeidhm a léiríonn meas ar na cultúir uile a fheiceann muid i scoileanna na hÉireann sa lá atá inniu ann. Is cóir fosta imeachtaí a chur ar siúl sna scoileanna a dtig le gach duine bheith páirteach iontu agus a chothaíonn cairdeas agus comhurraim. San ionad oibre, tá dualgas ar fhostóirí meon an chomh-mheasa a spreagadh sa dóigh nach mothaíonn duine ar bith faoi bhagairt ná scoite amach ón chuid eile den fhoireann.

Tá bealach fada le dul againn go fóill.

*Source: Examiner.*